Coláiste Ghobnait
Inis Oírr



Polasaí Scoil Uile Threorach 2026/2027

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht ar an 04/12/2024
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR) ar an (dáta le cinntiú)

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

"Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile."

ÉITEAS



Réamhra

Is éard atá i bplean treorach Choláiste Ghobnait ná cur síos ar chlár treorach na scoile agus sonraíonn sé conas a thugtar aghaidh ar riachtanais treorach na scoláirí. Tá soláthar naTreorach i gColásite Ghobnait bunaithe ar an Acht Oideachais 1998 (Alt 9 (c)), "a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme."

Is scoil lán Ghaelach í an scoil seo. Tabharfar tús áite don Ghaeilge agus don gcultúr Ghaelach i ngach gné de shaol na scoile laistigh agus lasmuigh don seomra ranga. Comhlíonfar chomh fada agus is féidir Alt 9(b) den Acht Oideachais 1998.
Cuireann plean treorach na scoil réimse de thaithí foghlama ar fáil do scoláirí Cholásite Ghobnait chun cabhrú le scoláirí Coláiste Ghobnait roghanna feasacha a dhéanamh faoin saol agus chun na hathchoirithe a dhéanamh a leanann na roghanna seo.

Is ceart breathnú ar an bpleanáil treorach mar phróiseas a bheidh ag teacht chun cinn de réir a chéile, pleanáil treorach a léireoidh riachtanas na scoláirí go léir chomh maith leis na hacmhainní atá le fáil.
Is cáipéis struchtúrtha é plean treorach Choláiste Ghobnait a chuireann síos ar an gclár treorach scoile ina sainítear an bealach a dtéitear i ngleic le riachtanais na scoláirí. Tagraítear don chomhairleoireacht duine ar dhuine atá ina cuid lárnach den obair a dhéanann an Treoirchomhairleoir.

Ina theannta sin tá léargas tábhachtach faighte trí aiseolas ó thuismitheoirí, ó dhaltaí, ó fhoireann uile na scoile agus an Bord Bainistiochta maidir leis an tseirbhís treorach. I gColáiste Ghobnait breathnaítear ar an bplean treorach mar ghníomhaíocht don scoil ar fad agus bíonn gach ball den fhoireann agus de chomhluadar na scoile bainteach leis an bpolasaí a chur i bhfeidhm.

Is mar seo a leanas atá an clár leagtha amach faoi láthair ach beidh athruithe le déanamh ar an gclár go rialta sna blianta amach romhainn de réir mar a chuirtear acmhainní breise ar fáil agus de réir mar a thagann athruithe ar an gcuraclam (Creat don tSraith Shóisearach & Folláine).

Gaol le Ráiteas misin na scoile & Éiteas na scoile

Tá dlúthcheangal idir an polasaí seo agus éiteas na scoile mar atá leagtha síos ag Bord Bainistíochta Choláiste Ghobnait sa Ráiteas Misin.
Tá ceangal bunúsach ag treoir i gColáiste Ghobnait le ráiteas misin an Choláiste ina ndéantar a míle dícheall timpeallacht shlán shábháilte a chruthú agus go ndéantar oideachas a chur ar fáil le go mbaineadh gach scoláire barr a gcumais amach ó thaobh an acadúil, sóisialta agus cultúr. Tá an timpeallacht foghlama sábháilte agus eagraithe chun go mbeidh meas ag gach duine ar a chéile i gColáiste Ghobnait. Aidhm Choláiste Ghobnait ná, na scoláirí atá faoin gcúram a ullmhú chun go mbeidh gach scoláire ábalta a náit a ghlacadh go fiúntach agus go dearfach sa sochaí amach anseo.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Pholasaí

- Freastal ar riachtanais scoláirí Choláiste Ghobnait ar fad atá faoina gcúram ó lá go lá.
- Cabhrú le daltaí tuiscint a fháil ar a mbuanna agus ar a gcumas féin agus glacadh leo mar aon le tuiscint a fháil ar an dúshlán a ghabhann le maireachtáil agus foghlaim.
- Timpeallacht scoile a chothú ina gcuirtear béim ar chearta agus dualgais atá ag scoláire.

- Atmaisféar dearfach, taitneamhach a chothú i gColáiste Ghobnait.
- Cabhrú le daltaí taighde a dhéanamh ar fhéidearthachtaí agus deiseanna, éirí níos neamhspleáiche agus freagracht a ghlacadh astu féin.
- Tacaíocht a thabhairt do dhaltaí roghanna a dhéanamh faoin saol agus na roghanna sin a chur i gcrích.
- Cumhacht a thabhairt do dhaltaí chun cinntí pearsanta, oideachais agus gairme a dhéanamh.
- Straitéisí a fhorbairt chun déileáil leis na deacrachtaí atá acu faoi láthair nó a bheidh acu amach anseo.
- Déanann Coláiste Ghobnait, scrúduithe oideachasúla caighdeánaithe lena gcuirtear eolas úsáideach ar fáil chun feidhmíocht acadúil agus gairme a thuar.
- Tugann bainistíocht na scoile lán tacaíocht d'aon Forbairt Ghairmiúil maidir le gairm a dteastaíonn freastal orthu.
- Cabhrú le daltaí táscairí na Folláine mar atá leagtha amach sna Treoirlínte ar an bhFolláine (https://ncca.ie/media/5039/updated-guidelines-2021_ga.pdf) a chomhlíonadh.
- Cabhrú le daltaí féinmhuinín agus cumas cinnireachta a fhorbairt agus a bheith ina saoránaigh gníomhacha.
- Féidearthachtaí agus deiseanna a aithint agus a leanúint suas.
- Déanfar gach iarracht spiorad an chomhoibriú, an díograis, an féin smacht agus dearcadh dearfach a fhorbairt maidir le saothar na ndaltaí agus cuirfear béim ar fhiúntas na hoibre agus barr a gcumais a bhaint amach.
- Creat a chur ar fáil do chlár treorach na scoile.
- Freagra struchtúrtha a chinntiú ar riachtanais phearsanta, shóisialta, oideachasúla agus ghairmeacha an dalta.
- An coincheap de Threoir Scoile Uile a fhorbairt, a mbeidh baill ábhartha de phobal na scoile páirteach ann chun an tseirbhís treorach a chur ar fáil.
- Timpeallacht foghlama tháirgiúil a chruthú do dhaltaí de gach cumas.
- Forbairt oideachasúil, shóisialta agus mhothúchánach na ndaltaí a chur chun cinn, ag cabhrú leo a gcumas iomlán a bhaint amach.
- Gach gníomhaíocht treorach a áireamh sa phlean, lena n-áirítear ranganna, comhairliúchán treorach, freastal ar laethanta oscailte, cruinnithe le tuismitheoirí, srl.
- Cabhrú le measúnú a dhéanamh ar Sheirbhís Treorach na Scoile agus ar chaighdeán na dtacaíochtaí do dhaltaí.
- Féiniúlacht agus glacadh le cumais agus buanna an dalta a fhorbairt.
- Deiseanna a aithint agus a fhiosrú.
- Cabhrú le daltaí roghanna eolasacha a dhéanamh.
- Cumas a thabhairt do dhaltaí fás i neamhspleáchas agus freagracht a ghlacadh astu féin.

Grúpaí Spriocdhírithe

Tá Seirbhís Treorach na scoile oscailte agus inrochtana do gach dalta agus tuismitheoir. Áirítear orthu seo, ach níl siad teoranta dóibh:

- Daltaí Ardteistiméireachta maidir le rogha Coláiste/Cúrsa/Printíseachtaí/Oiliúint sa Todhchaí
- Daltaí atá ag déanamh roghanna clár nó ábhar
- Daltaí atá ag dul trí dheacracht phearsanta
- Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu
- Bíonn rang amháin SPHE in aghaidh na seachtaine ag gach dalta.
- Bíonn rang amháin Treorach in aghaidh na seachtaine ag daltaí Idirbhliana, Bliain a Cúig agus Bliain a Sé.
- Mar chuid don chlár ionduchtú déantar seisiún gairme le Bliain a hAon, Dó & Trí.
- Aithnítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta (2000–2006) go bhfuil ról lárnach ag an tseirbhís treorach scoile maidir le cabhrú le daoine óga atá i mbaol (m.sh. daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais, grúpaí

mionlaigh agus daoine óga LADT) fanacht san oideachas foirmiúil.

- Leanann an Plean Treorach Scoile Uile cur chuige an NCGE (An tIonad Náisiúnta um Ghairmthreoir): Treoir do Chách, Treoir do Roinnt, Treoir do Bheagán.



Leithroinnt Treoir

0.07 wte = 1.54 uair (2.25 rang)

Múinteoir Gairmthreoir: Cormac Coyne

Foireann Phlean Treorach na Scoile Uile, Comhordaitheoir na Treorach, aidhmeanna & cuspóirí

Tá an plean Treorach Scoile Uile cruthaithe ag foireann ina bhfuil an Príomhoide, an Leas-Phríomhoide, an Comhairleoir Treorach agus baill foirne. Bíonn cruinnithe ag an bhfoireann WSG i rith na bliana agus tá siad freagrach as sonraí a bhailiú ó mhic léinn, ó thuismitheoirí agus ó bhaill foirne, rud a chuirfidh eolas ar fáil do na réimsí tosaíochta.

Sainmhíníonn NCGE (2024) an Plean Treorach Scoile Uile mar seo a leanas: "De réir sainmhínithe, is duine-dhírithe agus iomlánaíoch an treoir. Tacaíonn treoir le forbairt phearsanta agus shóisialta, oideachais agus gairme na ndaltaí. Éascaíonn treoir agus tugann sí cumhacht do dhaltaí cinntí agus roghanna saoil eolasacha a dhéanamh.

Tá ról suntasach ag treoir i dtaca le folláine na ndaltaí a chothú agus cuireann sí le hathléimneacht inmheánach agus sheachtrach a thógáil. Is í an Plean Treorach Scoile Uile an tsamhail chomhaimseartha do threoir i scoileanna iar-bhunscoile. Tacaíonn an Plean Treorach Scoile Uile le cur i bhfeidhm raon leathan agus éagsúil taithí foghlama a chuirtear ar fáil do dhaltaí in ord forásach, agus díríonn sí ar fhorbairt phearsanta/shóisialta, forbairt oideachais agus forbairt gairme. Áirítear leis na taithí seo foghlaim sa seomra ranga, obair ghrúpa agus cruinnithe duine le duine. Cuirtear clár an Plean Treorach Scoile Uile ar fáil chun freastal ar riachtanais threorach shainaitheanta phobal na scoile (tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí agus daltaí). Ba chóir go mbeadh plean Treorach Scoile Uile i bhfeidhm ag gach scoil.

Tugann Nóta Faisnéise 0001/2024 sonraí faoi gach gné de WSG agus soláthraíonn sé samplaí praiticiúla de conas is féidir é a oibriú i scoileanna. Is freagracht phobal na scoile ar fad é WSG. Ba chóir gníomhaíochtaí WSG a bheith bunaithe ar riachtanais na scoile. Féadfaidh foireann treorach ainmnithe é a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, agus bíonn ról lárnach ag an gcomhairleoir treorach laistigh de.

Is gníomhaíocht scoile uile í an treoir agus forbraítear ár gcur chuige i gcomhar. Baineann an comhoibriú seo le cineálacha éagsúla cur chuige amhail aiseolas ó thuairiscí cigireachta, suirbhéanna tuismitheoirí agus daltaí. Déantar an ghníomhaíocht Scoile uile seo mar bhealach chun tacú le riachtanais na ndaltaí. Mar Scoil creidimid go bhfuil sé tábhachtach go n-aithníonn gach ball foirne go hiomlán agus go gcinntíonn siad go bhfuil an treoir fite fuaite le gach gné de shaol na scoile.

Tá an plean Treorach seo tagtha chun cinn chun treoir a sholáthar do dhaltaí. Leagann sé amach cur chuige na scoile i leith na treorach i gcoitinne agus míníonn sé conas a thacaítear le daltaí agus conas a chabhraítear leo roghanna a dhéanamh agus aistrithe rathúla a dhéanamh sna réimsí pearsanta agus sóisialta, oideachais agus gairme. Tugann sé struchtúr foirmiúil do chur chuige scoile uile i leith an tsoláthair seo. Ina theannta sin, cuireann sé tuismitheoirí, daltaí agus múinteoirí ar an eolas go gcuirfear treoir ar fáil ar bhealach comhtháite agus réamhghníomhach. Déanann an plean treorach idirdhealú freisin idir na hinniúlachtaí atá ar fáil laistigh den scoil chun tacú le dalta i gcásanna ina bhfuil gá le atreorú chuig na seirbhísí Sláinte nó comhairle a chur ar thuismitheoirí maidir leis an ngá atá le breithniú a dhéanamh ar atreorú aonair chuig gairmí leighis.



An tsamhail soláthair

Treoir do Chách – curtha ar fáil do gach mac léinn chun tacú le forbairt phearsanta & shóisialta, oideachais agus gairme, agus mic léinn atá ag déanamh aistrithe (daltai sa chéad bhliain atá ag teacht isteach, an tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach agus ón tsraith shinsearach go printíseachtaí, FET, HE agus fostaíocht). Tá ról lárnach ag an gcomhairleoir treorach mar an speisialtóir i gcomhordú phleanáil agus sheachadadh chlár treorach na scoile uile agus i soláthar treorach do mhic léinn. Úsáidtear cur chuige scoile uile i seachadadh ghníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc chlár treorach na scoile lena n-áirítear cláir oideachais gairme, OSPS agus Folláine sa tSraith Shóisearach, modúil threorach agus taithí/socrúchán oibre a chuirtear ar fáil mar chuid de chláir na sraithe sinsearaí. Luaitear sa foilseachán **NEPS** dar teideal *"A Continuum of Support for Post-Primary Schools: Guidelines for Teachers"* (2010) cur chuige scoile uile is féidir a chur i bhfeidhm maidir le "**Tacaíocht do Chách**".

Treoir do Roinnt – ar fáil do ghrúpaí sonracha daltaí chun tacú le forbairt phearsanta & shóisialta, oideachais agus gairme agus le haistriú. De ghnáth, áireofar sna grúpaí daltaí sin, mar shampla, daltaí sa tsraith shinsearach, go háirithe an 6ú bliain, a bhainfidh leas as comhairleoireacht threorach grúpa agus duine le duine chun tacú le cinnteoireacht oideachais agus gairme, agus daltaí atá ag déanamh aistrithe. Áirítear ar na pointí aistrithe, bunscoil go dtí an chéad bhliain d'oideachas iar-bhunscoile, sraith shóisearach go sraith shinsearach, agus scoil go hardoideachas/breisoideachas agus oiliúint, printíseachtaí agus fostaíocht. D'fhéadfadh go mbeadh tacaíocht bhreise agus níos déine ag teastáil ó roinnt daltaí chun aistrithe a dhéanamh. Beidh saineolas ó fhoireann speisialaithe scoile ag teastáil le haghaidh comhairleoireachta treorach grúpa/duine le duine, amhail an comhairleoir treorach ag obair i gcomhar leis an bhfoireann cúraim thréadaigh, múinteoir OSPS, Comhordaitheoir SEN, ceannairí bliana, teagascóirí ranga agus comhairleoir

treorach na scoile. Leagtar amach i bhfoilseachán **NEPS**, *"A Continuum of Support for Post-Primary Schools: Guidelines for Teachers"* (2010), creatlach atá dírithe ar réiteach fadhbanna is féidir a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na **"Tacaíochta Scoile (do Roinnt)"**.

Treoir do Bheagán - D'fhéadfadh go mbeadh tacaíocht ag teastáil ó dhaltaí chun freastal ar a riachtanais fhorbartha agus nuair a bhíonn géarchéimeanna pearsanta acu. D'fhéadfadh go mbeadh tacaíocht níos déine ag teastáil ó roinnt daltaí freisin agus iad ag déanamh aistrithe (lena n-áirítear aistrithe do Dhaoine a fhágann an Scoil go Luath (ESL) agus chuig ionaid oideachais ar nós Youthreach) agus cinntí tábhachtacha le linn a gcuid ama in iar-bhunscoileanna. Beidh saineolas fhoireann speisialaithe na scoile ag teastáil don tacaíocht seo a bhfuil an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha acu chun freagairt do riachtanais na ndaltaí seo agus beidh an comhairleoir treorach, agus baill foirne scoile eile atá oilte chun freastal ar riachtanais daltaí leochaileacha agus iad siúd a bhféadfadh riachtanais bhreise a bheith acu, páirteach inti. Sa chás go bhfuil tacaíocht níos déine ag teastáil ón dalta, ba cheart atreorú chuig gníomhaireachtaí agus tacaíochtaí seachtracha a fhostú. I gcás atreoraithe fada, d'fhéadfadh go mbeadh ar an gcomhairleoir treorach / ball foirne tacaíocht leanúnach a sholáthar don dalta. Leagtar amach i bhfoilseachán **NEPS**, *"A Continuum of Support for Post-Primary Schools: Guidelines for Teachers"* (2010), na tacaíochtaí is féidir a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais níos casta nó buana acu faoi **"Tacaíocht Scoile Plus (do Bheagán)"**.



Le caoinchead NCGE: Creat Treorach don Scoil Uile, Leathanach 14)

Cur Chuige Foirne i gClár Treorach na Scoile

Is cur chuige uile scoile atá i bhfeidhm ag Coláiste Ghobnait maidir le Treoir agus Cúram Tréadach a chur ar fáil do scoláirí. Tuigeann muid i gColáiste Ghobnait go bhfuil ról ríthábhachtach ag gach ball foirne i gcúram na ndaltaí.

Tá an cur chuige foirne thar a bheith éifeachtach tríd an struchtúr Coiste Foirne Tacaíochta do scoláirí. Reáchtáiltear cruinnithe cúraim seachtainiúla a mbíonn na daoine seo a leanas i láthair iontu: Na Comhairleoirí Treorach, An Príomhoide, An Príomhoide Táinisteach, Múinteoirí Bliana & múinteoir OSPS.

Aithníonn an Roinn Treorach go mbíonn caidreamh éagsúil ag daltaí le baill éagsúla foirne, agus spreagtar daltaí labhairt le haon mhúinteoir a mbraitheann siad compordach leis má tá gá acu le tacaíocht.

Má bhíonn imní ar mhúinteoir faoi dhalta, moltar don mhúinteoir an dalta a chur ar aghaidh chuig an bhfoireann chúraim.

Má bhaineann an t-ábhar le cosaint leanaí, ní mór an cheist a thuairisciú. Duine Idirchaidreamh Ainmnithe (DIA).

Má tá an DIA as láthair **ní mór an Leas Duine Idirchaidreamh Ainmnithe (LDIA)** a chur ar an eolas.

Gníomhaíochtaí Scoile a thacaíonn le Treoir Uile Scoile

- Foireann Bainistíochta
- Muiteoirí Bliana
- Meantóirí
- Coiste Foireann Tacaíochta Scoláirí
- Foireann Riachtanas Breise Oideachas
- Coistí Scoile
- Comhairle na nDaltaí
- Club Am Sosa
- Turais Scoile
- Clár Scoile ADHD
- Gaisce
- Gradaim Scoile
- Seó na Nollag
- Taispeántas Gairme
- Aoi Chainteoirí
- Múinteoir Gairme ag déanamh ionduchtú le Bliain a hAon, Dó & Trí

Cumarsáid

Tá fáilte roimh aon Tuismitheoir/Caomhnóir teagmháil a dhéanamh leis an scoil faoi aon ábhar imní/ dúshlán/fadhb/ceist.

Cá dtéann tú, má tá fadhb/imní/ceist agat/*Where do you go if you have a problem/you are worried/you have a question*:

- Dul chun cinn **acadúil** in **ábhar áirithe** nó cur chuige teagaisc agus foghlama san ábhar sin/***Academic*** *progression in* ***certain subjects*** *or the approach to teaching and learning in that subject:*



- Dul chun cinn **acadúil go ginearálta**, nach mbaineann le hábhair amháin ar leith/*General academic progression that is not confined to one subject in particular*:



- Dul chun cinn go ginearálta, maidir le gnéithe seachas gnéithe acadúla (sóisialta, bulaíocht, fadhb phearsanta, fadhb sláinte, fadhb bhaile)/*General progression regarding non-academic aspects (social, bullying, personal problems, health problems, home problems)*:



Ábhar don tSraith Shóisearach

Déanann gach scoláire i gColáiste Ghobnait na hábhair seo ó Bhliain 1 go 3: Gaeilge, Béarla, Mata, Fraincis, Ealaín, Adhmadoiréacht, Eolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Stair, Tíreolaíocht, OSSP (Gearrchúrsa), OSPS (Gearrchúrsa) agus Cluichí.

Ábhar don Ardteistiméireachta

Déanann gach scoláire Gaeilge, Béarla, Mata, Fraincis, Cluichí, Treoir, OCG/Reiligiún, agus roghnaíonn na scolairí trí ábhar eile. Roghnaíonn na scoláirí trí ábhar roghnach i mí márta san Idirbhlian nó i mbliain 3.

Contanam Tacaíochta

Tá an Contanam Tacaíocht mar bhunchloch treoir agus tacaíochta do scoláirí Choláiste Ghobnait.



Tionól na Maidine

Freastalaíonn gach dalta ar thionól na maidine idir 8.50 am agus 9.00 am gach lá scoile. Déanann an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach/ Múinteoir le postanna freagrachta an tionól rud a thugann deis dóibh labhairt leis na scoláirí ar fad, rudaí éagsúla a phlé agus a aithint agus más gá aiseolas a thabhairt don fhoireann faoi aon ghné a chuireadh le leas an scoláire. Tógtar rolla na maidine ag an tionól.

Tá fillteán ag gach scoláire le haghaidh an tionól le go mbeidh an t-ábhar atá pléite ag an tionól i bhfillteán amháin. Cuirtear scoláirí ar an eolas faoi imeachtaí éagsúla an lae agus déantar aon fhógra tábhachtach is gá. Bíonn ionchur agus glór na scoláirí le cloisteáil ag an tionól freisin. Baintear an sprioc fhoghlama seo amach tríd deis a thabhairt do na scoláirí cur i láthair a dhéanamh ar théamaí éagsúla agus glór na scoláirí a bheith le cloisteáil.

Daltaí a chur faoi bhráid seirbhísí

Is féidir go lorgófar cuidiú do dhaltaí a bhfuil fadhbanna acu, mar dheacrachtaí foghlama, mí-úsáid substaintí, andúil, cailliúint agus bás agus géarchéim phearsanta, ó áisíneachtaí cosúil le dochtúir an dalta, Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, NEPS, Oifigeach Leasa Oideachais agus Oifigeach Ceangail Sóisearach na nGardaí. Caithfear tuismitheoirí a chur ar an eolas agus cead a fháil ó thuismitheoirí sula gcuirfear dalta faoi bhráid áisíneachtaí seachtracha cosúil le Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte nó an Síceolaí Oideachasúil.

Rúndacht

Le comhairliú pearsanta, sóisialta is oideachasúil leantar an riail rúndacht mura gceapann an múinteoir/Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach go bhfuil an scoláire nó aon duine eile i mbaol. Cuirtear an scoláire ar an eolas ag tús gach cruinniú faoin socrú seo.

Cuirtear múinteoir agus tuismitheoir ar an eolas faoi dheacracht nó faoi fhadhb áirithe a d'fhéadfadh a bheith ag an scoláire má shíltear gur ar mhaithe leis an scoláire é – ní dhéantar é seo ach amháin nuair atá an scoláire eolach faoi agus bítear ag brath ar a chead/a cead leis sin a dhéanamh.

Tuairsciú

Caithfear cuntas cruinn pearsanta a choimeád faoi na cruinnithe a bheidh ag aon mhúinteoir nó ag an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach maidir le treoir le scoláire nó Tuismitheoir. Féach teimpléad **Aguisín 1** atá le comhlánú ag aon chruinniú a tharlaíonn le scoláire nó Tuismitheoir. Beidh cóip de Aguisín 1 le seoladh ag an bPríomhoide/Príomhoide Tánaisteach láithreach bonn tar éis críoch an chruinniú. Ba cheart teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir agus plé a dhéanamh ar an eolas a bhíonn taifead déanta air in Aguisín 1.

- Caithfear na nótaí a scríobh suas chomh luath agus is féidir.
- Caithfear na nótaí a choimeád chomh beacht agus is féidir.
- Caithfear tús áite a thabhairt do rúndacht i gcónaí i gcás nochtadh.
- Caithfear an mód rúndacht a phlé leis an scoláire chomh maith.

An Bord Bainistíochta

An polasaí a fhaofa agus athbhreithniú a dhéanamh ar go rialta. Aithníonn an scoil ról an Bhoird Bainistíochta i bhforbairt agus i bhfeidhmiú an Pholasaí scoile uile threorach.

Ról an Phríomhoide/Príomhoide Tánaisteach

- Déanann an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach iarracht aithne phearsanta a chur ar na daltaí sa scoil ionas go mbíonn daltaí ar a gcompord ag teacht chucu le rudaí a phlé leo.
- Cinntíonn siad go bhfuil na struchtúir agus na hacmhainní ar fáil don Ghairm sa scoil agus go bhfuil an polasaí á chur i bhfeidhm.
- Déanann siad teagmháil le Tuismitheoirí nó áisíneachtaí seachtracha nuair a bhíonn gá leis.
- Bíonn cumarsáid rialta acu leis an múinteoir Gairme. Cruinniú gach téarma leis an múinteoir gairme ar a laghad.
- Spreagann siad daltaí le páirt a ghlacadh in imeachtaí seachchuraclam.

Ról an mhúinteoir Gairme/Treoirchomhairleor:

- Tá sé de dhualgas ar an múinteoir gairme suíomh gairme Choláiste Ghobnait a choinneáil suas chun dáta mar acmhainn fíor thábhachtach agus luachmhar i bpobal na scoile chun go mbeidh gach scoláire, foireann na scoile agus tuismitheoirí ar an eolas faoi imeachtaí/ábhar Gairme.
- Tá sé de dhualgas ar an múinteoir gairme liosta de na suíomhanna bainteach le gairme a bheith ar an suíomh gairme.
- Beidh uimhreacha fón cabhrach le haghaidh tacaíocht do scoláirí crochta sa phríomh phasáiste.
- Liosta de spriocdhátaí gairme (m.sh CAO) i bhfillteán agus scríofa i ndialann gach dalta i mbliain a sé agus ar an suíomh gairme.
- Tugtar tacaíocht agus treoir sa rang gairme do dhaltaí maidir lena n-iarratas CAO.
- Tá sé de dhualgas ar gach tuismitheoir agus scoláire a chinntiú go líonfar an CAO agus go n-íoctar an táille le clarú leis an CAO.
- Aiseolas a fháil tríd ceistneoir ar líne (m.sh Google Forms) ó dhaltaí Coláiste Ghobnait atá tar éis an Ardteist a dhéanamh. Beidh an teolas seo le bheith bailithe roimh briseadh lár-théarma na Samhna.
- An Polasaí a chur i bhfeidhm.
- Nasc rialta leis an múinteoir OSPS agus an Comhordaitheoir Riachtanais Speisilata.

Ceistneoir:

1. Ainm an scoláire
2. Seoladh r-phost
3. Bliain na hArdteiste
4. Pointí faighte san Ardteist

5. An bhfuil tú ag freastal ar chúrsa tríú leibhéal?
   Má tá, tabhair ainm an chúrsa agus an Choláiste mura bhfuil céard atá tú i mbun?
6. Moltaí a bheadh agat chun an treoir i gColáiste Ghobnait a fheabhsú?
7. An mbeadh tú sásta a theacht sa todhchaí chun labhairt faoi do chúrsa staidéar le scoláirí Choláiste Ghobnait.

- Tá rang 40 noiméad ar amchlár an Treoirchomhairleor.
- Déanann an Treoirchomhairleor iarracht bualadh le gach scoláire sa chéad téarma (Lúnasa – Deireadh Fómhair).
- Bíonn Aguisín 1 le líonadh ag an Treoirchomhairleor tar éis cruinniú a dhéanamh le scoláire.
- Is féidir le aon scoláire/tuismitheoir glaoch ar an scoil nó rphost a sheoladh chuig cormac.coyne@gretb.ie chun coinne a shocrú.
- Beidh an Treoirchomhairleoir ar fáil i gColáiste Ghobnait an lá a fhaigheann scoláirí torthaí na hArdteistméireachta chun cabhrú le scoláirí má bhíonn aon cheisteanna nó fadhbanna acu.
- Eagróidh an múinteoir gairme triúr aoi chainteoirí le gairmeacha beatha éagsúla i rith an scoilbhliain do scoláirí bhliain 5 agus 6 mar sin beidh eolas faighte ag scoláirí Choláiste Ghobnait ar sé ghairm beatha difriúla sula gcríochnaíonn siad a n-oideachas Iarbhunscolaíocht i gColáiste Ghobnait.
- Forbairt Ghairmiúil
  Tá an fhorbairt inghairme ríthábhachtach d'obair an Treoirchomhairleora. Éascaíonn Coláiste Ghobnait freastal rialta chuig cruinnithe IGC agus Maoirseacht Comhairleoireachta gan an tráthchlár a chur as riocht san am céanna. Cuirtear réimse inseirbhíse ar fáil ag Cruinniú Cinn Bhliana an IGC – ceardlanna agus cur i láthair a bhaineann leis an obair a bhíonn idir lámha acu. Eagraítear seisiún inseirbhíse breise go háitiúil agus ar fud na tíre agus ceadaítear do gach ball cláraithe reatha freastal air seo. Tugann an Roinn Oideachais tacaíocht do bhaill IGC trí mhaoiniú a chur ar fáil dóibh an oiliúint seo a fháil. Tá naisc ag an IGC le go leor eagraíochtaí eile mar shampla – Institiúid Eolaíochta an Fhéinmharaithe IBEC, FÁS, IAPC agus iad go léir ag cur forbairt inghairme ar fáil.
  Caithfidh ball cairte oiliúint inseirbhíse deich n-uaire oiliúna a dhéanamh sa bhliain (IGC Bunreacht agus Cód Eitice 2004) chun ballraíocht bhailí den IGC (Institiúid na dTreoirchomhlairleoirí) a choimeád.
- Go mbeidh ar an múinteoir gairme tuairisc scríofa a líonadh ar Tyro maidir le dul chun cinn an scoláire sa rang gairme agus go mbuailfidh an múinteoir gairme leis an Tuismitheoir/Caomhnóir ag an gcruinniú múinteoirí/Tuismitheoirí.
- Mura bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir ábalta freastal ar an gcruinniú moltar glaoch a dhéanamh chuig an tuismitheoir/caomhnóir maidir le dul chun cinn an scoláire sa rang gairme agus taifead a choinneáil ar an nglaoch seo.

Treoirchomhairliú

Tagraíonn treoirchomhairliú, treoir agus comhairleoireacht do réimsí taithí foghlama a sholáthraítear i sraith fhorbartha, tá siad curtha le chéile chun cuidiú le scoláirí roghanna saoil a dhéanamh agus chun cuidiú leo an t-aistear sin a thabhairt chun críche. D'fhéadfaí na roghanna sin a chur i dtrí chatagóir shonracha ar leith a bhfuil gaol acu lena chéile:

- Pearsanta agus Sóisialta
- Oideachasúil
- Gairmiúil

Is cuid thábhachtach an treoirchomhairleoireacht sa bPolasaí Scoile Uile Threorach. Cuirtear ar fáil é ar bhonn aonair nó nuair is gá ar bhonn grúpa.

Aidhmeanna Chomhairliú Gairme

- Scileanna staidéir, bainistíocht ama, measúnú, roghnú ábhar, leibhéal agus plean staidéir a dhéanamh leo.

- Iniúchadh suimeanna agus scileanna a dhéanamh leo m.sh. Centigrade, Qualifax agus Careers Portal.
- Aoi-chainteoirí a thabhairt isteach.
- Taiscéalaíocht gairme a dhéanamh.
- Na scoláirí a ullmhú i gcomhair thaithí oibre.
- Súil a choinneáil ar iardhaltaí maidir lena mbealaí gluaiseachta agus lena gcuspóirí.
- Scoláirí a chur ar an eolas faoi CAO, UCAS, Cúrsaí PLC srl. deiseanna traenála, ar ghairmeacha agus ar phoist.

Aidhmeanna Comhairliú Pearsanta agus Sóisialta

- Seirbhís rúnda éisteachta, gan breithiúnas, a bheith ar fáil do na scoláirí.
- Comhairle agus treoir a chur ar fáil dóibh chun déileáil le deacrachtaí tochtmhara.
- A bhféinmheas agus scileanna ceannasacha a fhorbairt.
- An t-eolas agus na scileanna a bhaineann le forbairt phearsanta agus shóisialta an scoláire, le féin aithne, le cinneadh ar chomhairle agus le pleanáil a chur ar fáil.
- Scileanna chun déileáil le deacrachtaí imní, bainistíocht ama agus staidéir a iniúchadh leo.
- Tacaíocht a chur ar fáil do scoláirí atá i gcruachás.
- Cuidiú le daltaí a smaointe, a mothúcháin agus na roghanna atá acu a chíoradh.

Bunriachtanas de chlár treoir ghairme Choláiste Ghobnait is ea an chomhairleoireacht a chuirtear ar fáil do gach scoláire mar chuid den phróiseas foghlama forbartha agus ag tráthanna ina mbíonn géarchéim phearsanta ag an scoláire. Cuirtear ar fáil an chomhairleoireacht seo ar bhonn aonair nó i ngrúpaí. D'fhéadfadh sé go mbeadh comhairleoireacht phearsanta, comhairleoireacht oideachasúil agus comhairleoireacht ghairme nó cnuasach de na trí cinn san áireamh.

Ról an mhúinteoir ábhair:

- An polasaí a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile.
- Déanann na múinteoirí ar fad iarracht atmaisféar dearfach foghlama a chothú ina ranganna agus forbairt iomlán an dalta a chur chun cinn san idirphlé a bhíonn acu leis na daltaí faoina gcúram.
- Go cinnteoidh gach múinteoir go bhfuil na rólanna atá leagtha amach i gclár gairme bliain a 1-6 léite agus go bhfuiltear á gcur sin i bhfeidhm.
- Tugann an múinteoir aiseolas ag baint úsáid as an teimpléad measúnaithe Aguisín 2 do na scoláirí tar éis scrúduithe seachtain 10, 20 & 30 (breagscrúduithe). Seo treoir do scoláirí conas barr a gcumais a bhaint amach.
- Bíonn múinteoirí ábhair i gcónaí ag déanamh monatóireacht ar dhul chun cinn agus forbairt an scoláire ina n-ábhar féin.
- Iarrtar ar mhúinteoirí gan mórán obair bhaile a thabhairt i mí Meán Fómhair le deis a thabhairt do na daltaí bliain 1 socrú isteach sa scoil agus dul i dtaithí ar na hábhair nua ar fad agus chun déileáil leis an aistriú ón mbunscoil go dtí an mheán scoil.

Ról an Scoláire:

- An leabhar 'REACH' a bheith ag gach scoláire ó bhliain 1 go 6.
- Go leanann gach scoláire treoracha an mhúinteora.
- Dialann obair bhaile a bheith acu sa rang.
- Ag breathnú ar shuíomh gairme na scoile.
- Taighde a dhéanamh faoi gairmeacha.
- Freastal ar *Option West*.
- Úsáid a bhaint as an suíomh www.careersportal.ie.
- Clarú ar an suíomh idirlín www.careersnews.ie.
- Plean staidéar a ullmhú faoi stiúir an mhúinteora.

- A bheith eolach agus airdeallach faoi spriocdhátaí gairme m.sh. CAO agus iad scríofa i do dhialann.
- Tugtar tacaíocht agus treoir sa rang gairme do dhaltaí maidir lena n-iarratas CAO.
- Tá sé de dhualgas ar gach tuismitheoir agus scoláire a chinntiú go líonfar an CAO agus go n-íoctar an táille le clarú leis an CAO.
- A bheith eolach ar na roghanna ar fad atá ar fáil tar éis saol na meánscoile.
- Meán mharc a ríomh tar éis scrúduithe seachtain 10, 20 agus 30.

Ról an mhúinteoir bliana:

- Bheith mar dhuine teangmhála don bhliain ghrúpa
- Cumarsáid le tuismitheoirí (glaonna fóin, rphoist srl.)
- Roinnt eolais leis an bhfoireann agus bainistíocht na scoile maidir leis an mbliain ghrúpa.
- Eolas a chur ar Tyro – sláinte, ginearálta
- Glaoch le cur ar an tuismitheoir de réir mar is gá.
- Monatóireacht ar na pointí ar Tyro – gníomh más gá.
- Meabhrú do scoláirí Uasghrádú a dhéanamh ar na ríomhairí.

Foirm iarratais seiceáil le haghaidh eolas sláinte & Riachtanais Breise.

Modh dhá chumarsáide le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn agus cúram tréadach na scoláirí.

Monatóireacht acadúla

- Spriocanna a leagan amach do scrúduithe Seachtain 10, 20 agus 30.
- Ansin, athbhreithniú ar na torthaí agus gníomhú mar is gá.
- Staidéar a dhéanamh ar thuairscí Tyro.
- Spriocanna monatóireacht le líonadh tar éis Seachtain 10, 20 agus 30
- Pointí CAO le déanamh le scoláirí bliain 5&6 tar éis scrúduithe Seachtain 10, 20 agus 30.
- Nasc leis an gcomhordaitheoir R.S. de réir mar is gá.
- Nasc leis an gCoiste Tréadach de réir mar is gá.

Tinreamh (Polasaí tinrimh)

- Monatóireacht ar an tinrimh – scoláire as láthair ar feadh cúpla lá (féach polasaí) – glaoch abhaile.
- Cinntiú go bhfuil taifead á dhéanadh ar seo sa dialann scoile.

Dialann Scoile

- Seiceáil ar a laghad uair sa mí/téarma agus le síniú ag an múinteoir ranga.

Ionduchtú tús na bliana (Féach lth eolais maidir leis an ionduchtú)

Taisceadán le seiceáil uair gach téarma

Eachtaí/Cómortais

- Eolas le seoladh chuig eolas.gobnait@gretb.ie maidir le comórtais agus srl atá scoláirí páirteach ann i saol na scoile agus taobh amuigh do shaol na scoile.

Cód Iompar

- Má theastaíonn coiste iompar a eagrú is é freagracht an múinteoir bliana é sin a éagrú.
- Má bhíonn scoláire ar chárta tuairisce beidh ar an múinteoir bliana an cárta a thabhairt amach agus a chinntiú go bhfuil sé comhlíonta i gceart. Tá taifead a dhéanamh ar NOTES i Tyro má bhí scoláire ar chárta tuairisce. Ba cheart go mbeadh dátaí leis seo.

Ról na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

- Aithníonn an scoil ról na dtuismitheoirí/Caomhnóirí i bhforbairt agus feidhmiú an Pholasaí Scoile Uile Threorach. Beidh muid ag súil go dtabharfaidh na Tuismitheoirí/Caomhnóirí tacaíocht don scoil i dtaobh dearcadh dearfach a bheith ag daltaí i leith an Pholasaí Scoile Uile Threorach scoile agus go spreagfaidh siad a mac/iníon chun cloí leis an bPolasaí le go mbaineadh gach scoláire barr a gcumais amach i gColáiste Ghobnait.

- Tá sé tábhachtach go mbeidh tuismitheoirí ar an eolas faoin bPolasaí Scoile Uile Threorach agus na struchtúir.
- Iarraimid ort tacaíocht a thabhairt don scoil trí eolas tábhachtach maidir le do mhac/iníon a thabhairt don scoil ó thaobh leasa an dalta.
- Go mbeidh seans ag gach tuismitheoir buaileadh leis an múinteoir gairme faoi dul chun cinn a mac/iníon ag cruinniú Tuismitheoir/Múinteoirí nó más gá is féidir coinne a dhéanamh ag aon am eile.
- Tá fáilte roimh aon tuismitheoir coinne a dhéanamh le haon mhúinteoir ábhair, an Príomhoide nó an Príomhoide Tánaisteach chun fiosrú agus eolas a fháil faoi dul chun cinn a mac/iníon.
- Tugtar tacaíocht agus treoir sa rang gairme do dhaltaí maidir lena n-iarratas CAO.
- Tá sé de dhualgas ar gach tuismitheoir agus scoláire a chinntiú go líonfar an CAO agus go n-íoctar an táille le clarú leis an CAO.

Mar **chomhpháirtithe san oideachas**, déantar gach iarracht dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus faisnéis a chur ar fáil dóibh. Reáchtáiltear **seisiúin eolais** do thuismitheoirí ag pointí tábhachtacha i rith na bliana. Samplaí:

- Seisiún eolas do Bhliain a hAon i mí Bealtaine
- Seisiún eolas maidir le rogha ábhair don Ardteist
- Seisiún eolas maidir leis an Idirbhliain
- Seisiún Eolais maidir le hiarratais CAO
- Eolas faoi rogha ábhar don tSraith Shinsearach d'Idirbhliain

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí freisin freastal ar chainteanna a eagraíonn an scoil agus an Cumann Tuismitheoirí, atá dírithe ar leas na ndaltaí.

Coinní Gairmthreorach

Is féidir Gairmthreoir a shainmhíniú mar phróiseas a chumasaíonn daltaí chun a gcuid buanna agus cumais a aithint, roghanna eolasacha a dhéanamh, agus freagracht a ghlacadh as a dtodhchaí féin.

Tugtar tosaíocht do dhaltaí Bliain a Sé maidir le bualadh leis an múinteoir ghairmthreorach. Déanann an múinteoir gairmthreoir iarracht bualadh le gach scoláire eile le linn an scoilbhliain.

De ghnáth, seo cuid do na rudaí a bheadh pléite leis an múinteoir Gairmthreoir:

- Anailís ar thorthaí an tástála Career Fit
- Anailís ar thorthaí an tástála suime ghairme (CareersPortal.ie)
- Réamhaisnéis pointí CAO
- Plé ar na roghanna atá ar fáil don dalta
- Eolas faoi chúrsaí PLC
- Eolas faoi phrintíseachtaí
- Treoir maidir le hiarratais ar phoist
- Cuirtear tacaíocht ar fáil do dhaltaí i rith an phróisis CAO/UCAS má roghnaíonn siad leas a bhaint as an tseirbhís seo. Is é freagracht deiridh an dalta féin an t-iarratas a chur isteach.

Coinneáil Taifead

Feidhmíonn na Múinteoir Gairmthreoir na nósanna imeachta seo a leanas maidir le coinneáil taifead:

- Coinnítear taifid mhionsonraithe ar gach cruinniú leis an múinteoir Gairme
- Coinnítear taifid threorach ar feadh **7 mbliana** tar éis don dalta an scoil a fhágáil.
- Ba chóir don múinteoir Gairmthreoir na nótaí a scríobh **chomh luath agus is féidir tar éis na seisiún** chun cruinneas agus beachtas a chinntiú.
- Ba chóir go mbeadh na nótaí **gonta go ginearálta**.

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí freisin freastal ar chainteanna a eagraíonn an scoil agus an Cumann Tuismitheoirí, atá dírithe ar leas na ndaltaí.

Coinní Gairmthreorach

Is féidir Gairmthreoir a shainmhíniú mar phróiseas a chumasaíonn daltaí chun a gcuid buanna agus cumais a aithint, roghanna eolasacha a dhéanamh, agus freagracht a ghlacadh as a dtodhchaí féin. Tugtar tosaíocht do dhaltaí Bliain a Sé maidir le bualadh leis an múinteoir ghairmthreorach. Déanann an múinteoir gairmthreoir iarracht bualadh le gach scoláire eile le linn an scoilbhliain.

Athrú Ábhar agus Leibhéal

Tá sé riachtanach go mbuailfidh daltaí leis an gComhairleoir Treorach chun plé a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann le hábhar a ligean anuas nó leibhéal a athrú. Nuair a bheidh na himpleachtaí pléite, líonann an dalta foirm athraithe a shíníonn:

- An Comhairleoir Treorach
- Na múinteoirí ábhartha
- Tuismitheoir/caomhnóir
- An dalta féin

Cuirtear an fhoirm seo i dtaisce agus cuirtear cóip chuig an bPríomhoide chun go bhféadfar aon athruithe ranga a chur i bhfeidhm ar an gcóras ríomhaireachta. (Tosaíodh ar an nós imeachta seo i 2023). Beidh ar an tuismitheoir rphost a sheoladh chuig an scoil ag cur in iúil go n-aontaíonn said leis an gcinne.

Guidance plan month by month

September:

- Follow up on previous year Leaving Certs (Second and third round of offers, PLC places etc)

- Prepare a list of Open Days for fifth and sixth year students.
- Organise career talks for senior cycle students.
- Liaise with fifth years re: subject choice and do paperwork associated with any changes.
- Set up CAO appointments/Apprenticeships/PLC/Career Appointments for sixth year students.
- Students who wish to will attend appl as individuals to the UCAS.

October

- Organise First year Aptitude tests and communicate results to appropriate personnel.
- Liaise with special needs team re students who fall below the tenth percentile.
- Distribute CAO paperwork and revise the CAO process with students.
- Continue meeting students in relation to CAO and UCAS.
- Commence talks from third level colleges.
- Careers Fair

November

- Continue with CAO/UCAS meetings with students.
- Prepare for CAO talk for parents.
- Talk to first years re subject options.
- Continue with Career talks from colleges.
- DAT's for Transition Year students

December

- Finalise UCAS forms.
- Help students draw up study plans for Christmas and New Year.

January

- Tie up any loose ends re UCAS and CAO.
- SUSI/HEAR/DARE talk for parents and students.
- Begin work on subject choice for Leaving Cert with TYs
- Results from the DATs giving to students.

February

- Prepare sixth year students for PLC interviews.
- Continue working on subject choice with TYs.
- Feedback results of DATs to all relevant personnel.

March

- Prepare for senior cycle talk for parents.
- Work on subject and senior cycle choice.
- Organise subject option forms.

April

- Organise senior cycle options.
- Organise PLC applications.

May

- Work on change of mind form when it becomes available.

- Organise Career Exhibition for October.
- Mock interviews for PLC courses

Guidance Counsellor's Dept Plan

The plan and syllabus may be altered depending on the specific needs of each group.

Year One

- Screening test CAT4.
- Information session on subject options for parents. Subject choice booklet prepared and distributed to all first years.
- Meetings by appointment for parents and students to discuss subject options /results of screening tests with Guidance Counsellor
- Liaise with Special Needs team/Parents/Management re: subject options and screening test results.
- All first years take part in the SPHE programme.
- Talks from outside agencies HSE / Study skills seminars organised by tutors or GC.
- Individual sessions by referral through the school's discipline system.
- Guidance Counsellor attends the Parent/Teacher Meeting.
- Friends for Life Programme rolled out to all First Years 2012/2013.
- Careers focus through Careers Learning Log on Onenote through SPHE class.

Year Two

- No formal class contact
- Six weeks guidance programme with the guidance counsellor
- Individual meetings with Guidance Counsellor by appointment or by referral through the school's discipline system.
- Parental appointments on request.
- Guidance Counsellor attends Parent/teacher meeting.
- All second years take part in the SPHE programme
- Relevant talks from outside agencies such as HSE.

Year Three

- No formal classes, the Guidance Counsellor takes classes by arrangement with other members of staff to provide information on senior cycle options and the DATs test.
- Relevant talks on study skills, goal setting, motivation etc.

- Six class programmes with the students from the guidance counsellor
- All third years take part in the SPHE programme.
- Information session on senior options/ subject choice for parents.
- An information booklet on senior cycle options is currently being prepared. This will be distributed to all third and TY students.
- Individual appointments for students and parents by request to discuss senior cycle options.
- Liaise with Special Needs team, TY and LCA Co Coordinators regarding student's options.
- Liaise with special needs team re Race applications.
- Compile a list of students opting for each programme.
- Liaise with parents and students involved.

Year Four / transition year

- A formal 40 minute class each week
- Individual meetings by appointment.
- All TY take the DATs test, general feedback is provided in class and individual/ parental feedback is provided if requested.

- Syllabus below.

Fifth Year

- Formal 40 minute class every week.
- Individual meetings by appointment.
- Syllabus below.

Sixth year Guidance

- Formal 40 minute class for all class groups
- Individual appointments with all students to discuss career options if students wish to avail of the service.
- Syllabus below.

Teaching Methodologies

- Teacher presentation / exposition
- Question and Answer sessions
- Worksheets
- Pair work
- Individual research and presentation to class group
- Class discussion.
- ICT
- Worksheets
- Questionnaires
- Question and Answer sessions
- Individual student research
- Pair work/Group work
- Posters
- College Prospectus
- Teacher Exposition
- Individual Reflection
- Dissemination of information using bulletin boards, posters, flyers
- Use of audio/visual/internet resources
- Collaboration with parents/guardians, teachers, support staff and administration through meetings, email and telephone communications

Assessment:

Assessment takes place in two forms; Assessment For Learning (AFL) and Assessment Of Learning (AOL).

- AOL takes place in the form of presentations, feedback, questions and tests, assessment involving the integration and evaluation of data inventories, tests, interviews, scales, and other techniques, which measure an individual's abilities, aptitudes, interests, personality, values, attitudes, educational achievements, skills, and other relevant information.

- AFL takes place through various strategies such as questioning (Higher and Lower Order using Bloom's Taxonomy), groupwork, pairwork, cascade learning methodologies and project work. Group work takes place in the form of placemat activities, the hot seat, expert groups, definition game, and peer teaching. Students are also given either verbal or written feedback which highlights two positive aspects of their work and one area that could be improved, using the Two Stars and a Wish method. Other strategies include: Self-assessment, Individual reflection, Student created problems, Find the false statement / misconception check, Open and closed ended questions, Quizzes, Student summary, 3-2-1, Peer instruction.

- Differentiation: In line with Circular 0014/17, differentiation occurs during contact time with process, content and product designed for different learners. The Guidance Counsellor consults the student's Student Support File/Year Head/Parents where appropriate in order to provide the best learning environment for the student. Differentiation occurs through a variety of platforms such as visual displays, clear instructions, graphic organisers, notes provided online of hard copy, success criteria, identification of key words, must-should-could, teaching of skills, appropriate time allocated to tasks etc.

Online resources:

www.careersportal.ie
www.classroomguidance.ie
www.qualifax.ie
www.ncge.ie
www.igc.ie
http://www3.ul.ie/careers/firstleanings/FirstLeanings/
http://classroomguidance.ie/juniorCert/juniorCert.html#fpsLKS
www.SUSI.ie
www.CAO.ie
www.access.ie
www.classroomguidance.ie
www.careerdirections.ie

- *Literacy:*
    - key concepts;

- key words;
- reading for comprehension;
- discussion – oral expression;
- responding to questions orally/ in writing/ using ICT ;
- mock interviews – self expression.

- *Numeracy:*
  - surveys and questionnaires;
  - calculating averages and percentages;
  - points calculation for CAO;
  - ordering of numbers;
  - placing choices/options in order of preference;
  - time and chronology;
  - study skills – timetables;
  - interpretation, analysis and use of data in chart or tabulated form.

Summary of Services provided by the Guidance Department:

- Individual meeting for students and parents. (By request or referral)
- Class guidance module for Transition Year students
- Psychometric testing: DATs Test, and Interest Tests.
